# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2011

37

37

87

87

51

19

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

**Clár na nÁbhar**


1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 1
2. Príomhfhorbairtí in 2011 3
3. Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte 7
4. Airgeadas 7
5. Deimhniú Scannáin Phictiúrlainne 9
6. Deimhniú Físeán/DVDanna 11
7. Ceadúnais a eisíodh 11
8. Foireann 13


G

PG

12A

15A

16

18

Chuig Alan Shatter, T.D.
An tAire Dlí agus Cirt
agus Comhionannais.

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán a chur i láthair de réir mar atá forordaithe ag Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Bhí an méid seo a leanas i measc phríomh-shainghnéithe na bliana:

- Leanann líon na scannán ar eisiúint sa phictiúrlann arna n-aicmiú ar aghaidh le treocht beagáinín suas a choinneáil. Cabhraítear leis seo ag an ráta lamháltais le haghaidh teideal ar eisiúint theoranta nach dtaispeánfadh in Éirinn ar shlí eile.

- Bhí laghdú de thuairim is 10 faoin gcéad ar líon iomlán na DVDanna a deimhníodh i gcomparáid le 2010. Is treocht dhomhanda í seo a thagann as an bhfás leanúnach ar sheirbhísí físe ar éileamh. Cé nach bhfuil aon fheidhm reachtúil againn maidir le dáileadh ar líne, féachfaimid le tionchar a imirt ar sholáthraithe aicmithe IFCO a iompar.

- Rinneadh éifeachtúlachtaí costais a baineadh amach i 2010 a choinneáil i rith na tréimhse faoi athbhreithniú.

- B'ionann ioncaim agus €2.042 milliún, sin laghdú 20% ó bhliain go bliain. Cé gur laghdaíodh ioncaim, bhí uainiú na n-ioncam a fuarthas ina chúis pháirteach leis an ráta laghdaithe sa bhliain seo, faoi mar atá leagtha amach sa tuarascáil do 2010.

- Tosaíodh athbhreithniú ar threoirlínte aicmithe IFCO do gach catagóir aoise i rith na bliana.

- Ceapadh glacadóir ar an Light House Cinema de dheasca deacrachtaí trádála. Ina dhiaidh sin, cuireadh taispeántais phictiúrlainne ar scáileán IFCO ar siúl ag Institiúid Náisiúnta na Scannán Éire.

Mar chríoch, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an méid a rinne an fhoireann d'Aicmitheoirí Cúnta, Bainisteoir na hOifige, Mary Ita O'Sullivan, mo chomhghleacaithe státseirbhíse ag IFGO agus le Rannóg Rialachais Shibhialta na Roinne. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don méid a rinne Elizabeth Davidson, a ndeachaigh a conradh mar Eagarthóir Cúnta in éag i mí na Samhna.

Is mise, le meas,

Gerard Connolly

Ger Connolly
Stiúrthóir Gníomhach Aicmithe Scannán

IFCO

“Scanruithe éadroma agus claontagairt an-éadrom.”
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Puss in Boots* ar láithreán gréasáin IFCO)



Puss in Boots
Stiúrthóir: Chris Miller

G

IFCO

## Príomhfhorbairtí i 2011

**Gníomhaíocht Oibríochta**
Ba 318 an líon iomlán de ghnéscannáin phictiúrlainne a deimhníodh i rith 2011, sin méadú de scannán amháin ó 2010.

Ar an iomlán, ba 5,273 an líon iomlán DVDanna a deimhníodh, sin laghdú de thuairim is 10 faoin gcéad ó 2010. Is teocht dhomhanda í seo a tháinig as iomadú na seirbhísí físe ar éileamh atá ar fáil ar líne. Cé nach bhfuil aon fheidhm reachtúil ag IFCO maidir le dáileadh ar líne, reáchtálfaimid plé le soláthraithe i ndáil leis an bhféidearthacht a bhaineann le deimhnithe IFCO a thaispeáint do theidil a bhfaightear rochtain orthu laistigh den Stát.

Tá mian láidir i measc dáileoirí ábhar ar a n-amharcfar laistigh d'Éirinn a bheith acu, is cuma cad é an modh, agus deimhniú soláthair a fháil ón Oifig seo. Is í seo an príomhfháth a bhfuilimid ag súil le titim ar an laghdú sna blianta beaga romhainn, cé nach bhfuil aon titim ar aighneachtaí.

**Achomhairc**
Ní dhearnadh achomharc in aghaidh aon chinnidh a rinne an oifig seo i rith 2011.

**Scannáin agus DVDanna ar Eisiúint Theoranta**
Ba 130 an líon scannán ar eisiúint theoranta a deimhníodh i rith 2011, is méadú beag é sin ón mbliain roimhe. Rinneadh 1,554 iarratas le haghaidh DVDanna ar eisiúint theoranta agus, faoi mar ab amhlaidh anuraidh, leanann tabhairt isteach an ráta laghdaithe seo air a chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar ábhar nach bhféadfadh a bheith ar fáil ar shlí eile. Áiríodh leis na heisiúintí seo i 2011 *Tyrannosaur, Melancholia, As If I'm Not There* agus *The Skin I Live In*.

**Físchluichí**
Is mar atá sonraithe sa tuarascáil do 2010 an seasamh maidir le físchluichí. I rith 2011, scrúdaigh IFCO 43 cluiche ar thug PEGI rátáil 18 dóibh chun comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, a chinntiú. Mar gheall ar an méadú ar líon na gcluichí ilimreoirí ar líne, tá an cumas ann paistí arna nginiúint ag úsáideoirí a thabhairt isteach i gcuid mhór cluichí. Cé nach féidir leo siúd a bheith páirteach sa bhunphróiseas rátála, tugann foilsitheoirí tiomantas go mbainfear ábhar míchuí i gcás ina dtugtar isteach é.

Chomh maith le hÉirinn, seo a leanas comhaltaí bunaidh PEGI: an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Tá PEGI á úsáid anois freisin ag an mBulgáir, ag an gCipir, ag Poblacht na Seice, ag an Eastóin, ag an Ungáir, ag an Íoslainn, ag Iosrael, ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag Málta, ag an bPolainn, ag an Rómáin, ag Poblacht na Slóvaice agus ag an tSlóivéin.

Is é láithreán gréasáin PEGI www.pegi.info

IFCO

"Úsáid an-annamh teanga mheasartha/láidre."
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Moneyball* ar láithreán gréasáin IFCO)



Moneyball
Stiúrthóir: Bennett Miller

PG

IFCO

**Treoirlínte**
Tá na treoirlínte maidir le haicmiú atá ar láithreán Gréasáin IFCO faoi láthair i bhfeidhm le roinnt blianta anuas. I rith na tréimhse sin, bhí roinnt mhaith de thaispeántais ar scáileán agus de dhíospóireachtaí grúpa maidir le hábhar bainteach le haois againn le tuismitheoirí, daoine óga, mic léinn dara leibhéal agus tríú leibhéal, teagascóirí, síceolaithe, etc. Ag teacht astu siúd, chuireamar tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar na treoirlínte a bhaineann le gach ceann dár gcatagóirí aicmithe agus foilseofar leagan athbhreithnithe agus níos cuimsithí de na treoirlínte seo i rith 2012.

**Áiseanna Pictiúrlainne**
I rith na bliana, cuireadh an Light House Cinema faoi ghlacadóireacht de dheasca deacrachtaí trádála. Bhíomar ábalta faoi ghearrfhógra úsáid a bhaint as áiseanna Institiúid Náisiúnta na Scannán Éire. Táim buíoch le Sarah Glennie agus leis an bhfoireann ar fad ag Institiúid Náisiúnta na Scannán Éire as ucht a gcúnaimh chun na taispeántais seo ar scáileán a éascú.

**Láithreán Gréasáin IFCO**
Tháinig méadú 5 faoin gcéad ar chuairteoirí ar láithreán Gréasáin IFCO ón mbliain 2010, rud as ar tháinig 382,511 lódáil leathanaigh i 2011. Is níos lú atá an figiúr seo ná an figiúr a baineadh amach i rith 2009 go fóill. Beidh ar an Oifig breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil dúinn chun tuilleadh feasacht phoiblí a bheith ag tomhaltóirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí go háirithe ar ár láithreán Gréasáin a bhaint amach.

IFCO

"Foréigean measartha fantaisíochta. Radhairc scanrúla agus bagairt ag teacht le teidil eile sa saincheadúnas."
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Harry Potter and the Deathly Hallows: Part 2* ar láithreán gréasáin IFCO)



Harry Potter and the Deathly Hallows: Part 2
Stiúrthóir: David Yates

I2A

## Deimhniú d’Imeachtaí Cúirte

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sáruithe ar fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923, agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a sholáthar is inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é 38 an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh i 2011 a thaispeánann nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) maidir le saothair áirithe.

## Airgeadas

Is mar seo a leanas a bhí na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVDanna/físeán agus d’eisiúint cheadúnas i 2011:

| | |
|---|---|
| Físeáin | €1,385,668.26 |
| Scannáin | €284,507.07 |
| Ceadúnais | €371,378.10 |

B’ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas thar ceann na Roinne i 2011 agus €2,041,553.43.



The King’s Speech
Stiúrthóir: Tom Hooper

12A



The Girl with the Dragon Tattoo
Stiúrthóir: David Fincher

18



The Hangover: Part II
Stiúrthóir: Todd Phillips

16



Cars 2
Stiúrthóir: John Lasseter, Brad Lewis

G

IFCO

"Teanga láidir go minic. Tagairtí láidre do ghnéas."
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Paul* ar láithreán gréasáin IFCO)




Paul
Stiúrthóir: Greg Mottola

I5A

# Deimhniú Scannáin Chineama

## Scannáin Chineama a Deimhníodh in 2011



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 318 |
| Gearrscannáin | 5 |
| Blúirí | 377 |
| **Iomlán** | **700** |

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 297 | 307 | 317 | 318 |
| Gearrscannáin | 10 | 2 | 5 | 5 |
| Blúirí | 378 | 386 | 364 | 377 |
| **Iomlán** | **685** | **695** | **686** | **700** |

## Deimhnithe de réir Catagóire



| | |
|---|---|
| G | 37 |
| PG | 37 |
| 12A | 87 |
| 15A | 87 |
| 16 | 51 |
| 18 | 19 |
| **Iomlán** | **318** |

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| G | 21 | 22 | 23 | 37 |
| PG | 50 | 50 | 49 | 37 |
| 12A | 65 | 56 | 66 | 87 |
| 15A | 86 | 103 | 115 | 87 |
| 16 | 55 | 57 | 41 | 51 |
| 18 | 20 | 19 | 23 | 19 |
| **Iomlán** | **297** | **307** | **317** | **318** |

## Tír Bhunaidh

| **Aon Tír Léirithe Amháin** | |
|---|---|
| SAM | 148 |
| an Ríocht Aontaithe | 35 |
| India | 23 |
| an Fhrainc | 14 |
| Éire | 8 |
| an Astráil | 5 |
| an tSeapáin | 3 |
| an Bheilg | 2 |
| Ceanada | 2 |
| an Ghearmáin | 2 |
| an Spáinn | 2 |
| Meicsiceo | 1 |
| an Ísiltír | 1 |
| an Iorua | 1 |
| an Rúis | 1 |
| an Chóiré Theas | 1 |
| **Iomlán** | **249** |

| **Níos Mó ná Tír Léirithe Amháin** | |
|---|---|
| Ceanada/an Ghearmáin/an Ríocht Aontaithe/an Eilvéis | 1 |
| an Danmhairg/an Iorua/SAM | 1 |
| an Danmhairg/an tSualainn | 1 |
| an Danmhairg/an tSualainn/an Fhrainc/ an Ghearmáin | 1 |
| an Fhrainc/Ceanada/SAM/an Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin | 1 |
| an Fhrainc/an Ghearmáin/an Pholainn | 1 |
| an Ghearmáin/Ceanada/SAM | 1 |
| an Ghearmáin/an Fhrainc/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| an Ghearmáin/an Ríocht Aontaithe/an tSualainn/an Danmhairg | 1 |
| Éire/Ceanada | 1 |
| Éire/an Fhionlainn | 1 |
| Éire/Lucsamburg | 1 |
| Éire/an Mhacadóin/an tSualainn | 1 |
| Éire/an Ríocht Aontaithe | 2 |
| Éire/SAM | 1 |
| Iosrael/an Fhrainc/an tSeapáin/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| an Iodáil/an Fhrainc | 2 |
| an tSeapáin/Ceanada/SAM/an Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin/an Fhrainc | 1 |
| an Pholainn/an Iorua/Éire/an Ungáir | 1 |
| an Spáinn/an Fhrainc/an Ríocht Aontaithe/SAM | 1 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó/an Fhrainc | 1 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó/an Fhrainc/an Bheilg | 1 |
| an Ríocht Aontaithe/an Astráil | 1 |
| an Ríocht Aontaithe/an Fhrainc | 2 |
| an Ríocht Aontaithe/an Fhrainc/an Iodáil/an Bheilg/an Spáinn | 1 |
| an Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin | 2 |
| an Ríocht Aontaithe/SAM | 15 |
| an Ríocht Aontaithe/SAM/an Chéinia | 1 |
| SAM/an Astráil | 3 |
| SAM/an Bhrasaíl/an Fhrainc/an Astráil/an Ríocht Aontaithe/ an Ghearmáin | 1 |
| SAM/Ceanada | 4 |
| SAM/an Fhrainc | 3 |
| SAM/an Ghearmáin | 2 |
| SAM/an Ungáir | 1 |
| SAM/India | 2 |
| SAM/an Nua-Shéalainn | 1 |
| SAM/an Spáinn | 2 |
| SAM/an tSualainn/an Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/an Spáinn | 1 |
| SAM/Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 1 |
| **Iomlán** | **69** |

IFCO

"Bagairt láidir shíceolaíoch ag a bhfuil foréigean fuilteach agus féindochar. Radharc úsáide láidre drugaí. Tagairtí láidre do ghnéas agus radhairc láidre ghnéis."

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Black Swan* ar láithreán gréasáin IFCO)




Black Swan

Stiúrthóir: Darren Aronofsky

16

## Deimhniú Físeán/DVDanna

### Saothair DVD/Físeáin arna nDeimhniú de réir Catagóire in 2011




| | |
|---|---|
| G | 1353 |
| PG | 786 |
| 12 | 1162 |
| 15 | 1582 |
| 18 | 390 |
| **Iomlán** | **5273** |

### Saothair DVD/Físeáin arna nDeimhniú de réir Catagóire 2008-2011

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| G | 1977 | 1581 | 1509 | 1353 |
| PG | 1891 | 1383 | 1006 | 786 |
| 12 | 1659 | 1468 | 1256 | 1162 |
| 15 | 1915 | 1839 | 1758 | 1582 |
| 18 | 517 | 419 | 390 | 390 |
| **Iomlán** | **7959** | **6690** | **5919** | **5273** |

## Ceadúnais a Eisíodh in 2011

| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 5 |
| Miondíol Feithicle | 4 |
| Miondíol | 1578 |
| **Iomlán** | **1587** |





Hugo

Stiúrthóir: Martin Scorsese

PG



The Guard

Stiúrthóir: John Michael McDonagh

15A

“Foréigean an-láidir brúidiúil agus crólinnteach.”
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Drive* ar láithreán gréasáin IFCO)



Drive
Stiúrthóir: Nicolas Winding Refn

18

## Foireann

### Stiúrthóir Gníomhach Aicmithe Scannán

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i Nollaig 2009, tar éis dó feidhmiú mar Leas-Stiúrthóir ó 2003 i leith. Rugadh é i mBaile Chill Dara agus tá cónaí ann. Bhain sé céim B.Comm. amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus d'oibrigh sé i bpost cuntasóra sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Comhairle na nAicmitheoirí Eorpacha Scannán agus is comhalta é de Bhord Comhairleach agus Achomhairc PEGI, an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis faoi Chluichí.

### Aicmitheoirí Páirtaimseartha Cúnta

Olga Bennett
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Iar-Ionadaí Poiblí
1 Leanbh
Ceaptha 1993

John Keith
Cónaí air san Aonach
Iar-Státseirbhíseach
3 Leanaí
Ceaptha 1993

Mark Brennan
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
2 Leanaí
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2011

Mairead Marron
Cónaí uirthi i Sord
Comhairleoir/Síciteiripeoir
6 Leanaí
Ceaptha 1995

Elizabeth Davidson
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Oideachasóir
4 Leanaí
Ceaptha 2008
Conradh in éag 2011

David Power
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2006
Athcheaptha 2011

Tom Fitzgerald
Cónaí air sa Daingean
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanaí
Ceaptha 2002

Tony Stapleton
Cónaí air san Uaimh
Iar-Stiúrthóir Díolachán
5 Leanaí
Ceaptha 1993

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige agus déanann sí maoirsiú ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE